

Óstán faoi ionsaí

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi óstán a ndearnadh ionsaí air i gContae Liatroma. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an méid atá ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat. Bainigí úsáid as bhur samhlaíocht mura bhfuil aon ní faoin scéal ar eolas agaibh.



Ceist 2

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

- | | |
|------------------------|--------------------------------|
| 1. teifeach | a. <i>in charge of</i> |
| 2. cáineadh | b. <i>refugee</i> |
| 3. buama | c. <i>urgent need</i> |
| 4. Ceannfort | d. <i>foreigner</i> |
| 5. i bhfeighil | e. <i>asylum seeker</i> |
| 6. briogáid dóiteáin | f. <i>Superintendent</i> |
| 7. géarghá | g. <i>fire brigade</i> |
| 8. lárionad cóiríochta | h. <i>do up, repair</i> |
| 9. iarrthóir tearmainn | i. <i>criticism</i> |
| 10. eachtrannach | j. <i>bomb</i> |
| 11. cóirigh | k. <i>accommodation centre</i> |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo thíos:

1. Deir Eibhlín Ní Choistealbha go bhfuil an t-óstán i gContae Liatroma ach nach bhfuil Rúscaigh i gContae Ros Comáin? Pléigh.
2. Cad a tharla don óstán *Shannon Key West*?
3. Cén fáth a raibh iarrthóirí tearmainn le stopadh anseo?
4. Cé mhéad seomra atá san óstán?

5. Cad a bhí le rá ag Eugene Murphy faoin eachtra?
6. Cad a dúirt an tAire Dlí agus Cirt, Charles Flanagan?
7. Ar tharla aon ní mar seo roimhe?

Ceist 4 Bhí a lán samplaí den aimsir chaite sa tuairisc. Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den aimsir chaite a chloiseann tú inti.

Cé mhéad sampla den saorbhriathar san aimsir chaite a bhí ann?

Ceist 5 ‘...tá brón ar na daoine...’

Má chuireann tú emoji chuig cara, cosúil leis na cinn thíos, cad atá i gceist agat?

Mar shampla: Tá áthas orm!



Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cé a chuir an t-óstán trí thine, dar leat, agus cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil a lán iarrthóirí tearmainn san Eoraip faoi láthair?
3. An gcaitear go maith le hiarrthóirí tearmainn sa tír seo, dar leat? Mínigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
b	i	j	f	a	g	c	k	e	d	h

Ceist 3

Téann an tSionainn trí Bhaile Rúscaí. Tá taobh amháin den bhaile i gContae Ros Comáin ag an taobh eile i gContae Liatroma. Tá an t-óstán atá i gceist i gContae Liatroma.

Féach an script.

Ceist 4

- a raibh
- tharla x 5
- féachadh
- caitheadh x 2
- bhuail
- níor gortaíodh
- tháinig
- bhí x 3
- ní raibh

Tá ceithre shampla den saorbhriathar san aimsir chaite.

Ceist 5

Seo thíos cúpla sampla. Beidh tuairimí eile ag na foghlaimeoirí.

- Tá áthas orm. / Tá mé sásta faoi sin.
- Póg. / Póigíní.
- Aontaím leat. / Nach bhfuil mé iontach cool? / Sin an saol.
- Ní chreidim é. / Bhí an t-ádh orainn.
- Úps! / Tá brón orm.
- Tá fearg orm. / Tá mé ar mire leat.
- Tá mé i ngrá leat. / Is breá liom thú.
- Go raibh maith agat. / Ní gá é sin a rá!
- An gceapann tú? / Ní dóigh liom é.
- Fágadh gan focal mé! / Cad seo?
- Tá an-bhrón orm. / Tá iontas orm.
- Gáire os ard. / Tá mé ag gáire agus na deora liom.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhur gcéad fáilte thar n-ais tráthnóna. Tá ionsaí déanta don dara huair, ó thús na bliana, ar óstán a raibh ochtó teifeach le cur fúthu ann. Tá cáineadh déanta ag an Teachta Dála, Eugene Murphy, ar an méid a tharla ag óstán an *Shannon Key West* i Rúscaigh i gContae Liatroma aréir, agus deir sé go dteastaíonn Gardaí ar an láthair, 24 uair an chloig, chun stop a chur leis na hionsaithe.

Aodán Ó Maoileoin

Don dara huair le cúig seachtaine, tá damáiste déanta don óstán seo ar mo chúl, an *Shannon Key West*, i Rúscaigh. Féachadh leis an óstán a lasadh ag thart ar leathuair tar éis a naoi aréir, a deir na Gardaí, nuair a caitheadh rud éigin ar nós buama tine trí fhuinneog ar an gcéad urlár.

Triúr fear slándála a bhí ar an láthair nuair a bhuail an t-aláram. Níor gortaíodh aon duine san eachtra, ach deir Ceannfort na nGardaí, atá i bhfeighil na bhfiosruithe, gur cosúil gur caitheadh laethanta á phleanáil.

Tháinig briogáid dóiteáin ar an láthair agus bhí Gardaí ar an láthair ar maidin, ag déanamh scrúduithe ar an bhfoirgneamh. Tá an pobal thar a beith trína chéile faoin méid a tharla, a deir an Teachta Dála do Ghailimh Thuaidh-Ros Comáin¹, Eugene Murphy. Agus deir sé go bhfuil na Gardaí ag teastáil ar an láthair 24 uair an chloig, chun stop a chur le hionsaithe dá leithéid.

Eugene Murphy TD, Fianna Fáil

Tá géarghá leis na Gardaí a bheith ann an t-am ar fad. Ní aontaíonn na daoine as Rúscaigh leis an rud a tharla oíche aréir. Tá brón ar na daoine as an áit sin agus tá eagla ar a lán daoine freisin.

Aodán Ó Maoileoin

Bhí an t-óstán, ina bhfuil 39 seomra, le hoscailt mar lárionad cóiríochta d'ochtó iarrthóir tearmainn.

Deir an tAire Dlí agus Cirt, Charlie Flanagan, go bhfuil sé náireach go dtarlódh a leithéid d'ionsaí agus go bhfuil daoine ag teacht chun na tíre seo ag cuardach cúnamh.

Tá cáineadh déanta freisin ag an Teachta Dála, Michael Fitzmaurice, ar an méid a tharla. Ach, deir sé nach bhfuil an t-óstán feiliúnach d'eachtrannaigh, mar nach bhfuil na seirbhísí ar fáil i gceantair mar Rúscaigh.

Seo é an dara huair damáiste déanta do lárionad cóiríochta. Tharla an rud céanna i mBun an Phobail, i gContae Dhún na nGall le gairid. Ní raibh úinéirí an *Shannon Key West* ach tar éis an t-óstán a chóiriú i ndiaidh an chéad ionsaithe.

Aodán Ó Maoileoin, Nuacht Tg4, Rúscaigh i gContae Liatroma.

¹ *Ros Comáin-Gaillimh* ainm an dáilcheantair